III

*(Gníomhartha eile)*

# AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

## CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 183/2019

**an 10 Iúil 2019**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteasláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2207]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2018 lena nglactar liosta na mBallstát, nó codanna de chríoch na mBallstát, a chomhlíonann na rialacha maidir le catagóiriú a leagtar síos in Airteagal 2(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú a chur i bhfeidhm ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 ón gCoimisiún ([3]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(4) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le hainmhithe beo seachas éisc agus ainmhithe dobharshaothraithe. Ní bheidh feidhm ag an reachtaíocht a bhaineann leis na cúrsaí sin maidir leis an Íoslainn, de réir mar a shonraítear i mír 2 den Chuid Réamhráiteach de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an Íoslainn.

(5) Is le reachtaíocht maidir le hábhair thréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. Reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chuig Lichtinstéin, de réir mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 10a (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún) i gCuid 1.1:

([1]) IO L 130, 28.5.2018, lch. 1.
([2]) IO L 155, 19.6.2018, lch. 1.
([3]) IO L 296, 15.11.2011, lch. 6.

'10b. **32018 R 0772**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 (IO L 130, 28.5.2018, lch. 1).

Ní bheidh feidhm ag an ngníomh seo maidir leis an Íoslainn.'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 154 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/949 ón gCoimisiún) i gCuid 1.2:

'155. **32018 R 0878**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2018 lena nglactar liosta na mBallstát, nó codanna de chríoch na mBallstát, a chomhlíonann na rialacha maidir le catagóiriú a leagtar síos in Airteagal 2(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 maidir le bearta coisctheacha sláinte a chur i bhfeidhm chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú (IO L 155, 19.6.2018, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas leis an liosta i gCuid 2 den Iarscríbhinn:

| | | |
|---|---|---|
| NO | AN IORUA | An chríoch iomlán |

Ní bheidh feidhm ag an ngníomh seo maidir leis an Íoslainn.'

3. Scriostar téacs phointe 149 (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 ón gCoimisiún) i gCuid 1.2.

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Iúil 2019, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
*Gunnar* PÁLSSON

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.